



# RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS

Leanúntas Tacaíochta



**Phacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí**








# Clár

MÚNLA CHUN BUNRIACHTANAS A MHEAS LE CABHAIR SEICLIOSTAÍ .....	2
TIMPEALLACHT DHEARFACH FOGHLAMA A CHRUTHÚ LE CABHAIR SEICLIOSTAÍ .....	6
SEICLIOSTAÍ DON TIMPEALLACHT FOGHLAMA - SAMPLA GLAN .....	9
SEICLIOSTA DO MO CHUID SMAOINTE FAOIN SCOIL .....	11
SEICLIOSTA TACAÍOCHTA RANGA AGUS TREOIRLÍNTE LENA LÍONADH .....	12
PLEAN TACAÍOCHTA RANGA AGUS TAIFEAD DON ATHBHREITHNIÚ – SAMPLA GLAN .....	13
SEICLIOSTA TACAÍOCHTA SCOILE AGUS TREOIRLÍNTE LENA LÍONADH .....	14
PLEAN TACAÍOCHTA SCOILE – SAMPLAÍ GLANA .....	20
ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN TACAÍOCHTA SCOILE – SAMPLA GLAN .....	22
BILEOG PHLEANÁLA AN PHLEAN OIDEACHAIS AR BHONN DALTA AONAIR – SAMPLA GLAN .....	23
PLEAN OIDEACHAIS AR BHONN DALTA AONAIR – SAMPLA GLAN .....	24
BILEOG ATHBHREITHNITHE AN PHLEAN OIDEACHAIS AR BHONN DALTA AONAIR – SAMPLA GLAN ...	25



## Bunriachtanais



Tógadh an múnla bunriachtanas seo as teoiric Maslow ar thosaíochtaí na riachtanas agus cuireadh in oiriúint é.

- Is gá do gach duine maireachtáil agus is gá go bhfreastalófaí ar riachtanais fhiseolaíoch gach duine, mar shampla bia, foscadh, uisce.
- Is gá sábháilteacht agus slándáil a bheith ag daoine. Is gá cosaint a bheith ag daoine i gcoitinne agus iad a bheith i dtimpeallacht gur féidir í a thuar go réasúnach. Áirítear slándáil fhisiceach, eacnamaíoch agus shíceolaíoch ar riachtanais sábháilteachta.
- Is gá do dhaoine a bheith muinteartha, agus go dtaispeánfaí grá dóibh agus go dtaispeánfadh siadsan grá do dhaoine eile. Tarlaíonn sé sin trí theagmháil shóisialta agus fhisiceach le cairde agus lena dteaghlach.
- Teastaíonn uainn go n-aithneodh daoine eile ár mbuanna agus bíonn féinmheas agus féinmhuinín mar thoradh air seo agus braithimid go bhfuilimid cumasach mar gheall air.
- Tagann féinachtáil nuair a dhéantar freastal ar na bunriachtanais seo go léir agus sa chás sin amháin dar le Maslow. Is tagairt atá anseo don ghá atá ann gach is féidir linn a bhaint amach a bhaint amach.

Ní in ordlathas a léirítear na bunriachtanais sa léaráid seo. Léirítear na bunriachtanais mar ghnéithe a mbaineann an tábhacht chéanna leo ionas go bhfásadh duine suas ina dhuine féinachtálaíthe. Tá sé seo bunaithe ar thorthaí taighde a rinneadh le déanaí ar theacht aniar a bheith i nduine ina dtugtar le fios go bhféadfadh duine, fiú amháin dá mba rud é nach ndéanfaí freastal ar bhunriachtanais amháil riachtanais sábháilteachta agus fhiseolaíoch, teacht aniar a bheith ann/inti in aghaidh angair dá bhfreastalófaí ar bhunriachtanais eile (Grotberg, E 1997). Sainmhínítear Teacht Aniar mar seo a leanas;

“qualities which cushion a vulnerable child from the worst effects of adversity in whatever form it takes and which helps a young person to cope, survive and thrive even in the face of great hurt and disadvantage.” (Gilligan 1997)

D’fhéadfadh gur bealach úsáideach a bheadh sa mhúnla seo chun muid a chur ag suoineamh ar dhearcadh an linbh agus d’fhéadfadh go dtabharfadh sé léargas úsáideach dúinn ar an gcaoi ab fhearr chun cúnaimh a thabhairt do leanbh. Cén chaoi a bhféadfaimid a bheith ag súil leis go mbeadh leanbh, a bheadh ag teacht ar scoil gan aon bhricfeasta a bheith ite aige/aici, a d’aireodh nach bhfuil maith ar bith ann/inti agus nach bhfuil mórán cairde aige/aici, ábalta díriú ar cheachtanna? Ní mór, go minic, aghaidh a thabhairt ar na bunriachtanais seo sula gcuirfí idirghabhálacha aonarachacha ar bith i bhfeidhm ar mhaithe leis an dalta.



## Seicliosta Bunriachtanas

Léiríonn an leathanach seo gur féidir leas a bhaint as seicliosta chun bunriachtanais an dalta a mheas

Ainm: \_\_\_\_\_

Ceannteidil faoina ndéanfar bunriachtanais dalta a mheas:

- Riachtanais Fhiseolaíoch mar shampla An bhfuil dóthain bia ag an leanbh agus an leor an soláthar teasa agus an tithíocht atá ar fáil don leanbh?
  
- Riachtanais Sábháilteachta mar shampla. An gá an leanbh a chosaint go fisiceach nó go síceolaíoch?
  
- Riachtanais mhuintearais mar shampla  
An bhfuil ceangal láidir idir an dalta agus a theaghlach/a teaghlach nó a chairde/a cairde, an n-áiríonn sé/sí gur cuid den rang é/í
  
- Riachtanais Mheasa: mar shampla An bhfuil meas ar an leanbh, an dtugann daoine eile aiseolas deimhneach dó/di agus an bhfuil meas aige/aici ar dhaoine eile agus air/uirthi féin?

**Gníomhartha atá bunaithe ar na ceisteanna atá thuas agus a moladh don mhúinteoir mar ghníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh:**

D'fhéadfadh go dtaispeánfadh sampla Daniel anseo thíos go bhféadfaí teacht ar na gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh chun go dtarlódh athrú deimhneach a rachadh chun tairbhe don dalta dá ndéanfaí riachtanais dalta, nach mbeadh freastal déanta orthu, a mheas.

## CÁS-STAIIDÉAR DANIEL

Is beag teagmhála a bhíonn ag tuismitheoirí Daniel leis an scoil. Bíonn a thinreamh go dona agus bíonn sé déanach ag an scoil go minic. Ní chaitheann sé a éide iomlán i gcónaí. Is annamh a thagann sé ar scoil agus a lón ullmhaithe dó ach tugtar airgead dó chun bia a cheannach ar a bhealach chun na scoile. Dá bhrí sin, is mílseáin agus deochanna súilíneacha a bhíonn aige ag teacht ag an scoil go minic. Bíonn fadhbanna aige aire a thabhairt sa rang agus bíonn sé i dtrioblóid go minic de bharr a mhí-iompraíochta sa rang agus sa chlós. Bíonn deacrachtaí aige teacht isteach ar fhoghlaim struchtúrach. Níl mórán cairde aige agus bíonn sé le feiceáil ag spraoi sa chlós le leanaí níos óige.

Bhain múinteoir Daniel úsáid as an "Seicliosta Bunriachtanas" chun a mheas cibé an rabhthas nó nach rabhthas ag freastal ar a bhunriachtanais. Shocraigh sé nár mhór tús áite a thabhairt dá riachtanais fhiseolaíoch amhail bia agus cúram fisiceach. Tá tábhacht chomh maith lena riachtanais muintearais amhail cairdeas a dhéanamh.

Áinítear bricfeasta a thairiscint do Daniel sa scoil trí chlub bricfeasta na scoile ar na bealaí a d'fhéadfaí freastal ar na riachtanais seo. Déanfaidh an múinteoir teagmhála baile, scoile agus an phobail iarracht fiúntas bheartas na scoile maidir le lóna sláintiúla agus féinchúram a chíoradh leis an teaghlach. Má thagann sé ar scoil gan a éide scoile tabharfar geansaí scoile dó le caitheamh. Tapóidh an múinteoir ranga an deis béim a leagan ar bhia sláintiúil agus ar fhéinchúram le linn ceachtanna ar an gclár oideachais shóisialta phearsanta agus sláinte. Beidh an múinteoir ag faire amach do dheiseanna chun eolas deimhneach faoi Daniel a roinnt lena tuismitheoirí agus leis an scoil agus beidh an múinteoir gníomhach maidir leis na tuismitheoirí a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i saol na scoile. Gríosóidh múinteoirí Daniel é chun roghanna maithe a dhéanamh agus molfaidh siad roghanna maithe a bheidh déanta (mar shampla a éide scoile a chaitheamh).

Táthar chun córas dlúthchairde a leagan amach do Daniel. Táthar chun córas a leagan amach ionas go mbeidh leanbh ábalta súí ar bhinse ar a dtabharfar 'binse cairdis' an ranga mura mbeidh aon duine ag an leanbh le spraoi leis/léi sa chlós. A thúisce is a shuíonn leanbh ar an mbinse sin ní mór do leanaí eile cuireadh a thabhairt don leanbh sin páirt a ghlacadh ina gcluiche féin.

Ina theannta sin cuirfidh an múinteoir fáilte mhór roimh Daniel chuig an scoil gach lá (is cuma cén t-am a thiocthaí sé isteach) agus molfaidh an múinteoir a ghnóthachtálacha agus cuirfidh sé/sí suim sna gníomhaíochtaí a nglacann sé páirt iontu taobh amuigh den scoil (tá suim ag Daniel i gcúinna agus cur amach aige orthu).

**TABHAIR FAOI DEARA:** Tuigtear go mbeadh deacrachtaí ag roinnt scoileanna na hidirghabhálacha seo a chur i bhfeidhm. Is gá do scoileanna a hindéanta is a bheidh sé na hidirghabhálacha seo a dhéanamh a mheas i gcomhréir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dóibh. Mar shampla bheadh scoil ina mbeadh múinteoir teagmhála baile, scoile agus an phobail ábalta caidreamh deimhneach a bhunú leis an teaghlach níos éasca ná mar a bheadh scoil bheag ina mbeadh an príomhoide ag múineadh. D'fhéadfadh gurbh fhiú go mór an tacaíocht a chuirfeadh Oibrí Sóisialta nó Oibrí Tacaíochta Teaghlaigh ar fáil do roinnt daltaí. Dá bhrí sin, ní mór do scoileanna idirghabhálacha réalaíoch a fhorbairt agus braithfidh siad sin ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí atá ar fáil (sa scoil agus sa phobal araon). Bheadh an chuid is mó de na scoileanna ábalta geansaí scoile a chur ar fáil, córas dlúthchairde a bhunú agus binse cairdis a leagan amach agus bheidís ábalta meas a thaispeáint do na daltaí ar bhealach deimhneach agus a thaispeáint go bhfuil fáilte mhór rompu.



## Seicliosta Bunriachtanas

Thug múinteoir Daniel bunriachtanais Daniel san áireamh faoi na ceannteidil seo a leanas:

### Riachtanais Fhiseolaíochas mar shampla an bhfuil dóthain bia ag an leanbh agus an leor an soláthar teasa agus an tithíocht atá ar fáil don leanbh?

Deochanna súilíneacha agus milseáin/criospaí don lón. Ní bhíonn torthaí ná ceapairí aige don lón. Ní bhíonn éide scoile air go minic. Bíonn daltaí eile ag caint faoi mar gheall air seo.

### Riachtanais sábháilteachta mar shampla an gá an leanbh a chosaint go fisiceach nó go síceolaíoch?

Ní gá, go bhfios dúinn

### Riachtanais mhuintearais mar shampla an bhfuil ceangal láidir idir an dalta agus a theaghlach/a teaghlach nó a chairde/a cairde?

Níl mórán cairde aige ina rang féin. Bíonn sé de nós aige a bheith ag spraoi le leanaí níos óige. Tá sé tugtha faoi deara ag a phiaraí go bhfuil a shláinteachas pearsanta go dona. Ní bhíonn daltaí eile ag iarraidh é a bheith mar pháirtí acu sa rang corpoideachais ná ní roghnaíonn siad é le bheith ina ngrúpa/ar a bhfoireann

### Riachtanais Mheasa mar shampla an bhfuil meas ar an leanbh, an dtugann daoine eile aiseolas deimhneach dó/di agus an bhfuil meas aige/aici ar dhaoine eile agus air/uirthi féin?

Níl agus ní thugann. Níl an chosúlacht air go bhfaigheann Daniel moladh ó dhaoine eile ná go bhfuil meas ag daoine eile air agus is dóigh gur mó aiseolas diúltach ná aiseolas deimhneach a fhaigheann sé

## Gníomhartha atá bunaithe ar na ceistanna bunriachtanas a ndearnadh iad a mheas thuas agus a moladh don mhúinteoir mar ghníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh:

- Labhairt leis an mhúinteoir teagmhála baile is scoile maidir lena lón/shláinteachas pearsanta.
- Bianna sláintiúla a thairiscint ar scoil.
- Geansaí/léine aclaíochta glan a chur ar fáil.
- Béim a leagan ar bhia sláintiúil agus ar an tábhacht a bhaineann le sláinteachas sa rang oideachais shóisialta phearsanta agus sláinte.
- Córas dlúthchairde a bhunú sa rang agus binse cairdis a leagan amach sa chlós.
- Fáilte mhór a chur roimh Daniel chuig an scoil i gcónaí (fiú má bhíonn sé déanach) agus a rá leis go bhfuiltear sásta é a fheiceáil.
- Dea-iompraíocht agus an dua a chaitheann sé leis an obair a mholadh agus a spreagadh.
- Aiseolas deimhneach faoin gcaoi ina bhfuil ag éirí le Daniel a thabhairt dá thuismitheoirí chomh minic is is féidir é.

Timpeallacht Dhearfach Foghlama a Chruthú

D'fhéadfadh go gcabhródh cás-staidéar Chiaráin chun an úsáid a bhainfí as na seicliostaí don timpeallacht foghlama a mhíniú níos fearr:

CÁS-STADÉAR CHIARÁIN

Bhí inní ar Ms Kelly faoi iompraíocht Chiaráin ar scoil. Bhí díocas air cúnamh a thabhairt dá mhúinteoir sa rang ach mar gheall air sin bhíodh sé amuigh as a shuíochán go minic chun cúnamh a thabhairt le tascanna. Chuir na hiarrachtaí a rinne sé cúnamh a thabhairt, isteach ar an rang, áfach, agus chuir siad isteach ar dhaltaí eile freisin. Thit Ciarán agus daltaí eile amach lena chéile go minic nuair a bhíodh sé ag scaipeadh leabhair oibre agus crián ar dhaltaí ag tús an cheachta. Bhíodh sé místuama agus mí-eagraithe nuair a bhíodh sé ag dul thart sa seomra. Thosaíodh na daltaí eile ag gáire faoi nó bhíodh sé á gcrá mar gheall air sin. Bhéiceadh sé amach na freagraí i gcónaí le linn comhráite sa rang agus b'annamh a chuireadh sé a lámh in airde. D'fhágadh sé a shuíochán go minic chun cúnamh a fháil óna mhúinteoir le tascanna.

Líon Ms Kelly isteach an seicliosta ar leathanach 7 a bhí mar chabhair aici chun an chaoi ina gcuirfeadh sí an timpeallacht foghlama in oiriúint chun cúnamh a thabhairt do Chiarán, a mheas. Chuir sí tic ar na réimsí ar mheas sí gur ghá iad a chur in oiriúint.

*D'fhéadfadh Ms. Kelly, mar mhalairt air sin, scór idir 1-10 a thabhairt dá timpeallacht foghlama ag brath ar chomh sásta is a bhí sí le gach gné ina seomra ranga.*

*Léiríonn 10 go raibh sí an-sásta agus nach gá aon athrú a dhéanamh agus léiríonn 1 go raibh sí an-mhí-shásta agus gur gá athrú a dhéanamh.*

<input type="checkbox"/> 3	Leagan amach an tseomra & an troscáin	<input type="checkbox"/> 9	A ndóthain spás oibre ag daltaí agus ag an múinteoir
<input type="checkbox"/> 9	An seomra maisithe go deas/neart nithe ar taispeáint agus araille	<input type="checkbox"/> 7	Éasca gluaiseacht timpeall an tseomra ranga
<input type="checkbox"/> 8	Teocht	<input type="checkbox"/> 4	Cúnamh a iarraidh
<input type="checkbox"/> 8	Torann	<input type="checkbox"/> 8	Suíocháin - Ag breathnú ar an gclár dubh - na daltaí a bhíonn ina súí in aice lena chéile ag tarraingt lena chéile - ag an airde cheart le bheith ag scríobh
<input type="checkbox"/> 3	Acmhainní/trealamh cuí eagraithe agus iad a bheith ar fáil go héasca ag na daltaí go léir?		

*Mheas Ms. Kelly, tar éis di an córas marcála seo a úsáid, go gcaithfeadh sí na nithe seo a leanas a chur in oiriúint*

1) Leagan amach an tseomra agus an troscáin 2) An t-eagar a bhí ar an trealamh 3) Ábalta aird an mhúinteora a tharraingt





Sampla den Seicliosta don Timpeallacht Foghlama - Ciarán

SEICLIOSTA

**Coinníollacha Timpeallachta/Fisiciúla:** Cuir marc ar an réimse ina bhféadfaí gníomh a ghlacadh a rachadh chun tairbhe don dalta

- |   |   |
|---|---|
| <input checked="" type="checkbox"/> Leagan amach an tseomra & an troscáin                 | <input type="checkbox"/> A ndóthain spás oibre ag daltaí agus ag an múinteoir   |
| <input type="checkbox"/> An seomra maisithe go deas/nearc nithe ar taispeáint agus araile | <input checked="" type="checkbox"/> Éasca gluaiseacht timpeall an tseomra ranga   |
| <input type="checkbox"/> Teocht   | <input type="checkbox"/> Cúnamh a iarraidh  |
| <input type="checkbox"/> Torann   | <input type="checkbox"/> Suíocháin - Ag breathnú ar an gclár dubh – na daltaí a bhíonn ina suí in aice lena chéile ag tarraingt lena chéile - ag an airde cheart le bheith ag scríobh |
| <input checked="" type="checkbox"/> Acmhainní/trealamh cuí eagraithe agus iad a           |   |

**Gnéithe Sóisialta/Caidreamh:**

- Míniú soiléir tugtha ar nósanna imeachta agus ar rialacha an tseomra ranga agus tuigeann gach dalta iad agus cuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad
- Tugtar treoracha soiléire ar bhealaí éagsúla (ó bhéal, go feiceálach, trí chomharthaí a thabhairt) faoi na tascanna
- Bíonn an t-athrú idir tasc amháin agus tasc eile déanta gan stró agus go héifeachtach
- Bíonn a fhios ag daltaí céard é an chéad rud eile atá le déanamh acu gan é a iarraidh
- De ghnáth bíonn an rang i mbun tascanna
- Tugtar líon éagsúil de ghníomhartha difriúla (gníomhartha acadúla agus iompraíochta) faoi deara go minic agus moltar iad
- Moltar daltaí agus tugtar féiríní éagsúla dóibh
- Is leor an mhonatóireacht a dhéantar ar dhaltaí le linn tasc chun a chinntiú go dtuigeann siad é agus go ndéantar dul chun cinn leanúnach sa tasc
- Déileáiltear go héifeachtach le hiompraíocht a chuireann isteach ar an tasc nó le hiompraíocht nach mbaineann leis an tasc
- Bíonn cumarsáid mhaith idir an múinteoir agus gach dalta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh agus tugann siad aiseolas dá chéile

**Múineadh & Foghlaim – Modhanna, Ábhair agus Nósanna Imeachta:**

A mhéid is a dhéantar na nithe seo a leanas:

- Tascanna a leagan amach a bhíonn feiliúnach do leibhéal tuisceana agus scileanna an dalta.
- Spriocanna foghlama a shainmhíniú go soiléir agus a roinnt leis an dalta.
- Deiseanna a chur ar fáil don dalta ionas gur féidir leis/léi a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inár féidir leis/léi déanamh go maith iontu
- Céimeanna a leagan amach sna spriocanna foghlama a bheidh sách beag chun dul chun cinn a chinntiú
- Suim ag na daltaí in ábhar na ngníomhaíochtaí/na dtascanna
- Tascanna a leagan amach chun stíl foghlama an dalta a thabhairt san áireamh; an luas ag a ndéantar an ghníomhaíocht, éagsúlacht agus fad na ngníomhaíochtaí agus an t-am a cheadaítear chun an tasc a chur i gcrích
- Éagsúlacht na gcur chuigí múinteoireachta a bhíonn in úsáid
- Deiseanna a chur ar fáil ionas go bhfaighfí freagraí éagsúla ó dhaltaí – ó bhéal/go praiticiúil/i scríbhinn
- Deiseanna a chur ar fáil chun go mbeadh an dalta rannpháirteach i gcinnteoireacht agus i dtaifeadadh cinntí
- Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí chun foghlaim a ghinearálú/a aistriú ó chás amháin go cás eile
- Monatóireacht rialta agus taifeadadh ar an dul chun cinn a tharlaíonn

## Gníomhaíocht sa Seomra Ranga

Gnásanna atá in úsáid i gcomhair na nithe seo a leanas:

- |   |   |
|---|---|
| <input type="checkbox"/> Teacht isteach sa rang                 | <input type="checkbox"/> An rang a fhágáil              |
| <input checked="" type="checkbox"/> Acmhainní a thabhairt amach | <input checked="" type="checkbox"/> Acmhainní a bhailiú |
| <input checked="" type="checkbox"/> Cúnamh a iarraidh           | <input type="checkbox"/> Aird an ranga iomláin a fháil  |

## Rialacha/Féiríní/Iarmhairtí

Rialacha:

- |   |   |
|---|---|
| <input type="checkbox"/> Is beag díobh atá ann    | <input type="checkbox"/> Socraítear iad i gcomhar le daltaí |
| <input type="checkbox"/> Bíonn siad ar taispeáint | <input type="checkbox"/> Cuirtear i bhfeidhm iad            |

Féiríní agus iarmhairtí:

- |   |   |
|---|---|
| <input type="checkbox"/> Ainmnítear iad                           | <input type="checkbox"/> Braitheann siad ar iompraíocht     |
| <input type="checkbox"/> Téann na féiríní chun tairbhe don rang   | <input type="checkbox"/> Is féidir féiríní a bhaint amach   |
| <input type="checkbox"/> Tuigtear na pionóis agus bíonn siad cóir | <input type="checkbox"/> Gearrtar pionóis go comhsheasmhach |

## Timpeallacht na Scoile

Cuir tic ar na réimsí is gá athrú

- |  |   |
|--|---|
| <input type="checkbox"/> Áit súgartha/an clós                    | leagan amach   trealamh   maoirseacht   rialacha  |
| <input type="checkbox"/> Gluaiseacht: gnásanna éifeachtacha chun | gluaiseacht timpeall na scoile   dul i línte   siúl sna pasáistí  |
| <input checked="" type="checkbox"/> Sos/am Ióin                  | rialacha simplí soiléire   féiríní agus iarmhairtí soiléire   fáil ar ghníomhaíochtaí available   |
| <input type="checkbox"/> Tacaíocht don Fhoireann                 | pléann an fhoireann deacrachtaí   |
| <input type="checkbox"/> Beartas                                 | beartas ar dhea-iompraíocht   cód smachta i bhfeidhm tuigeann an fhoireann an beartas agus aontaíonn siad leis raon féiríní as dea-iompraíocht sa rang, sa chlós, sa scoil   raon pionós i bhfeidhm raon straitéisí in úsáid chun iompraíocht a smachtú déantar measúnú agus monatóireacht ar iompraíocht |

### Achoimre ar an údar imní

*Ní bhíonn sé éasca gluaiseacht timpeall an tseomra mar gheall ar leagan amach an tseomra; ní bhíonn acmhainní ná trealamh cosúil le criáin agus leabhair saothair ar fáil go héasca ag na daltaí; uaireanta ní bhíonn eagar ann nuair a athraítear ó cheacht amháin go ceacht eile, níl gnásanna leagtha amach go hiomlán chun acmhainní a thabhairt amach agus acmhainní a bhailiú; níl na rialacha a bhaineann le haird an mhúinteora a tharraingt soiléir agus bíonn bealaí éagsúla ag daltaí chun aird an mhúinteora a tharraingt.*

### Gníomhartha Riachtanacha

*Fág rogha de chriáin agus de phinn luaidhe ar bhord gach grúpa. Ainmnigh dalta amháin ó gach bord chun a bheith freagrach gach seachtain as acmhainní ar bith a theastaíonn a scaipeadh agus a bhailiú. Ainmnigh dalta amháin ar bhonn laethúil chun cabhrú le tascanna níos ginearalta. Déan cinnte go dtugtar tasc ar leith do Chiarán le déanamh gach lá. Múin an riail a bhaineann le haird an mhúinteora a tharraingt. Úsáid 'Clár Cabhrach' an mhúinteora nuair a bhíonn an múinteoir gnóthach (.i. seiceáil do chuid oibre ar dtús agus ansin seiceáil do chuid oibre le duine amháin eile sula n-iarrann tú ar an múinteoir í a sheiceáil. Ansin scríobh d'ainm ar chláir cabhrach an mhúinteora agus tiocfaidh an múinteoir chomh fada leat nuair a bheidh do sheans ann. Déan obair éigin eile nó léitheoireacht a fhad is a bhíonn tú ag fanacht.)*



## Seicliostaí don Timpeallacht Foghlama

**Coinníollacha Timpeallachta/Fisiciúla:** Cuir marc ar an réimse ina bhféadfaí gníomh a ghlacadh a rachadh chun tairbhe don dalta

- |  |   |
|--|---|
| <input type="checkbox"/> Leagan amach an tseomra agus an troscáin  | <input type="checkbox"/> A ndóthain spás oibre ag daltaí agus ag an múinteoir   |
| <input type="checkbox"/> An seomra maisithe go deas/neart nithe ar taispeáint agus araile                          | <input type="checkbox"/> Éasca gluaiseacht timpeall an tseomra ranga  |
| <input type="checkbox"/> Teocht  | <input type="checkbox"/> Solas  |
| <input type="checkbox"/> Torann  | <input type="checkbox"/> Suíocháin – Ag breathnú ar an gclár dubh – na daltaí a bhíonn ina suí in aice lena chéile ag tarraingt lena chéile - ag an airde cheart le bheith ag scríobh |
| <input type="checkbox"/> Acmhainní/trealamh cuí eagraithe agus iad a bheith ar fáil go héasca ag na daltaí go léir |   |

## Gnéithe Sóisialta/Caidreamh:

- Míniú soiléir tugtha ar nósanna imeachta agus ar rialacha an tseomra ranga agus tuigeann gach dalta iad agus cuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad
- Tugtar treoracha soiléire ar bhealaí éagsúla (ó bhéal, go feiceálach, trí chomharthaí a thabhairt) faoi na tascanna
- Bíonn an t-athrú idir tasc amháin agus tasc eile déanta gan stró agus go héifeachtach
- Bíonn a fhios ag daltaí céard é an chéad rud eile atá le déanamh acu gan é a iarraidh
- De ghnáth bíonn an rang i mbun tascanna
- Tugtar líon éagsúil de ghníomhartha difriúla (gníomhartha acadúla agus iompraíochta) faoi deara go minic agus moltar iad
- Moltar daltaí agus tugtar féiríní éagsúla dóibh
- Is leor an mhonatóireacht a dhéantar ar dhaltaí le linn tasc chun a chinntiú go dtuigeann siad é agus go ndéantar dul chun cinn leanúnach sa tasc
- Déileáiltear go héifeachtach le hiompraíocht a chuireann isteach ar an tasc nó le hiompraíocht nach mbaineann leis an tasc
- Bíonn cumarsáid mhaith idir an múinteoir agus gach dalta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh agus tugann siad aiseolas dá chéile

## Múineadh & Foghlaim – Modhanna, Ábhair & Nósanna Imeachta:

A mhéid is a dhéantar na nithe seo a leanas:

- Tascanna a leagan amach a bhíonn feiliúnach do leibhéal tuisceana agus scileanna an dalta.
- Spriocanna foghlama a shainmhíniú go soiléir agus a roinnt leis an dalta.
- Deiseanna a chur ar fáil don dalta ionas gur féidir leis/léi a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inár féidir leis/léi déanamh go maith iontu
- Céimeanna a leagan amach sna spriocanna foghlama a bheidh sách beag chun dul chun cinn a chinntiú
- Suim ag na daltaí in ábhar na ngníomhaíochtaí/na dtascanna
- Tascanna a leagan amach chun stíl foghlama an dalta a thabhairt san áireamh; an luas ag a ndéantar an ghníomhaíocht, éagsúlacht agus fad na ngníomhaíochtaí agus an t-am a cheadaítear chun an tasc a chur i gcrích
- Éagsúlacht na gcur chuigí múinteoireachta a bhíonn in úsáid
- Deiseanna a chur ar fáil ionas go bhfaighfí freagraí éagsúla ó dhaltaí – ó bhéal/go praiticiúil/i scríbhinn
- Deiseanna a chur ar fáil chun go mbeadh an dalta rannpháirteach i gcinnteoireacht agus i dtaifeadh cinntí
- Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí chun foghlaim a ghinearálú/a aistriú ó chás amháin go cás eile
- Monatóireacht rialta agus taifeadh ar an dul chun cinn a tharlaíonn

## Gníomhaíocht sa Seomra Ranga

Gnásanna atá in úsáid i gcomhair na nithe seo a leanas:

- |  |  |
|--|--|
| <input type="checkbox"/> Teacht isteach sa rang      | <input type="checkbox"/> An rang a fhágáil             |
| <input type="checkbox"/> Acmhainní a thabhairt amach | <input type="checkbox"/> Acmhainní a bhailiú           |
| <input type="checkbox"/> Cúnamh a iarraidh           | <input type="checkbox"/> Aird an ranga iomláin a fháil |

## Rialacha/Féiríní/Iarmhairtí

Rialacha:

- |  |   |
|--|---|
| <input type="checkbox"/> Is beag díobh atá ann | <input type="checkbox"/> Socraítear iad i gcomhar le daltaí |
|  | <input type="checkbox"/> Bíonn siad ar taispeáint           |

Féiríní agus iarmhairtí:

- |   |   |
|---|---|
| <input type="checkbox"/> Ainmnítear iad                           | <input type="checkbox"/> Braitheann siad ar iompraíocht     |
| <input type="checkbox"/> Téann na féiríní chun tairbhe don rang   | <input type="checkbox"/> Is féidir féiríní a bhaint amach   |
| <input type="checkbox"/> Tuigtear na pionóis agus bíonn siad cóir | <input type="checkbox"/> Gearrtar pionóis go comhsheasmhach |

## Timpeallacht na Scoile

Cuir tic ar an réimse ina dteastaíonn athruithe a dhéanamh inti

- |  |  |   |  |  |
|--|--|---|--|--|
| <input type="checkbox"/> Áit súgartha/an clós                    | <input type="checkbox"/> leagan amach  | <input type="checkbox"/> trealamh   | <input type="checkbox"/> maoirseacht   | <input type="checkbox"/> rialacha                |
| <input type="checkbox"/> Gluaiseacht: gnásanna éifeachtacha chun | <input type="checkbox"/> gluaiseacht timpeall na scoile                      | <input type="checkbox"/> dul i línte  | <input type="checkbox"/> siúl sna pasáistí   |  |
| <input type="checkbox"/> Sos/am lóin                             | <input type="checkbox"/> rialacha simplí soiléire                            | <input type="checkbox"/> féiríní agus iarmhairtí soiléire                         | <input type="checkbox"/> fáil ar ghníomhaíochtaí                                     |  |
| <input type="checkbox"/> Tacaíocht ón bhFoireann                 | <input type="checkbox"/> pléann an fhoireann na deacrachtaí                  |   |  |  |
| <input type="checkbox"/> Bearta                                  | <input type="checkbox"/> beartas iompraíochta i bhfeidhm                     | <input type="checkbox"/> tuigean an fhoireann an beartas agus aontaíonn siad leis | <input type="checkbox"/> raon féiríní as dea-iompraíocht sa rang, sa chlós, sa scoil | <input type="checkbox"/> raon pianóis i bhfeidhm |
|  | <input type="checkbox"/> raon straitéisí in úsáid chun iompraíocht a smachtú | <input type="checkbox"/> déantar measúnú agus monatóireacht ar iompraíocht        |  |  |

Achoimre ar an údar imní

Gníomhartha Riachtanacha



**Seicliosta Do Mo Chuid Smaointe Faoin Scoil**



Mo Chuid Smaointe Faoin Scoil....

AINM	RANG	DÁTA
Is iad seo a leanas na nithe is fearr liom ar scoil:		
Is iad seo a leanas na nithe nach maith liom faoin scoil:		
Is iad seo a leanas na nithe a bhfuilim go maith acu:		
Is iad seo a leanas na nithe a fhaighim deacair:		
Táim sásta sa rang nuair:		
Táim sásta le linn am sosa agus am lóin nuair:		
Is iad seo a leanas mo chairde:		
Teastaíonn cúnamh uaim le:		
Is féidir le múinteoirí na scoile cúnamh a thabhairt dom ar an mbealach seo:		
Chuirfeadh mo mhúinteoir síos orm mar seo:		
Chuirfeadh mo thuismitheoirí síos orm mar seo:		



Seicliosta Do Mo Chuid Smaointe Faoin Scoil



Is féidir na ceisteanna seo a leanas a chur má bhíonn deacracht mhothúcháinach nó iompraíoch ag leanaí ar scoil:

Is iad seo a leanas na daoine fásta is fearr a réitím leo ar scoil:
Bím i dtrioblóid ar scoil nuair:
Is iad seo a leanas na nithe a dhéanaim nach mbíonn mo mhúinteoir sásta liom mar gheall orthu:
Is iad seo a leanas na nithe a dhéanann mo mhúinteoir nach mbíonn mise sásta leo:
Bíonn mo mhúinteoir sásta liom nuair:
Is iad seo a leanas na nithe a dhéanann mo mhúinteoir a mbíonn mise sásta leo:
Is iad seo a leanas rialacha an ranga:
Má bhriseann duine éigin na rialacha:
Is iad seo a leanas na féiríní is fearr liom:
Is iad seo a leanas na nithe nach mór dom a athrú

## Seicliosta Tacaíochta Ranga

AINM

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

EOLAS GINEARÁLTA	SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)	ACHOIMRE AR AN EOLAS
Teagmháil déanta le Tuismitheoirí		
Eolas faighte ó scoil roimhe seo/naíonra, nó ó iar-mhúinteoir ranga		
Éisteacht		
Amharc		
Scileanna Luaile		
Riachtanais Leighis		
Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach		
Measúnú déanta ar an bhfoghlaím-scagadh, tástáil déanta ar na gnóthachtálacha, más cuí		



EOLAS GINEARÁLTA	SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)	ACHOIMRE AR AN EOLAS
Faire amach don stíl foghlama/cur chuige don fhoghlaim		
Faire déanta ar iompraíocht		
An dalta curtha faoi agallamh		
Idirdhealú déanta ar obair ranga		
Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint		
Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint		
Comhairliúchán neamhfhoirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha		
<b>GNÍOMH RIACHTANACH</b>		
<b>GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS BAILL ÁBHARTHA FOIRNE ACTIONS AGREED</b>		



## Treoirlínte don Seicliosta Tacaíochta Ranga

AINM

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

EOLAS GINEARÁLTA	SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)	TRÁCHTAIREACHTAÍ
Teagmháil déanta le Tuismitheoirí		Tá sé tábhachtach go gcasfaí le tuismitheoirí/caomhnóirí chun inní ar bith a chur in iúl dóibh. Dearcadh na dtuismitheoirí orthu seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sláinte agus forbairt a linbh (féach thíos chun níos mó eolais a fháil);</li> <li>• Pointí láidre agus ábhar suime a linbh;</li> <li>• Gach a fhoghlaimíonn a leanbh sa bhaile agus ar scoil;</li> <li>• Gnéithe a mheasann siad a d'fhéadfadh a bheith ag cur le deacracht ar bith agus a ndearcadh faoi céard a chabhródh</li> </ul> Ina theannta sin, seiceáil an raibh teagmháil ar bith acu le gníomhaireacht sheachtrach ar bith.
Eolas faighte ó scoil roimhe seo/naíonra, nó ó iar-mhúinteoir ranga		Is cóir, má aistríodh an dalta ó scoil eile, go mbeadh eolas cothrom le dáta ar a dhul chun cinn/ar a dul chun cinn agus torthaí ar mheasúnú nó ar idirghabháil ar bith ar fáil le toiliú na dtuismitheoirí. D'fhéadfadh eolas ó naíonraí ar fhorbairt, ar fhoghlaim agus ar iompraíocht luathóige an linbh cabhrú chun cláir agus cleachtas scoile a fhorbairt chomh maith. D'fhéadfaí ainm na scoile, an naíonra/an ghrúpa súgartha agus an tréimhse ama ar fhreastail an leanbh orthu a choinneáil sna comhaid.
Éisteacht		Seiceáil an uair dheireanach a ndearnadh tástáil ar éisteacht an linbh agus na torthaí a bhí uirthi. Má bhíonn deacracht aige/aici lena éisteacht/lena héisteacht seiceáil: An t-achar a bhfuil fadhb éisteachta aige/aici; an gairmí a bhfuil sé/sí faoi; an leibhéal deacrachta; an bhfuil an fhadhb ag cur isteach ar oideachas an linbh.
Amharc		Seiceáil an uair dheireanach a ndearnadh tástáil ar amharc an linbh agus na torthaí a bhí uirthi. Má bhíonn fadhb aige/aici lena amharc/lena hamharc seiceáil <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cén cineál deacrachta í;</li> <li>• An dteastaíonn speaclaí ón dalta ar scoil agus má theastaíonn, cén uair ar cheart dó/di iad a chaitheamh;</li> <li>• An bhfuil sé/sí faoi chúram speisialtóra;</li> <li>• An bhfuil an fhadhb ag cur isteach ar oideachas an linbh</li> </ul>
Scileanna Luaile		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seiceáil an raibh deacracht ar bith ag an leanbh ag siúl, ag lámhacán nó le scileanna féinchabhrach (mar shampla cóta a dhúnadh, sceanra a úsáid)</li> </ul>
Riachtanais Leighis		Seiceáil an bhfuil an dalta i mbarr a shláinte/a sláinte i gcoitinne. Mura bhfuil bailigh mionsonraí ábhartha mar shampla obráidí, asma, eachma, ailléirgí agus araile
Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach		Tugtar míniú sa phacáiste acmhainne agus tá seicliosta ann chomh maith
Measúnú déanta ar an bhfoghlaim-scagadh, tástáil déanta ar na gnóthachtálacha, más cuí		Bailigh eolas ó thástálacha scagtha den chineál seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• The Belfield Infant Assessment Profile (BIAP);</li> <li>• LAAR Test of Emergent Literacy;</li> <li>• Middle Infant Screening Test (MIST);</li> <li>• Early Language Skills Checklist</li> <li>• Non Reading Intelligence Test (NRIT)</li> <li>• SIGMA - T; MICRA-T</li> <li>• Drumcondra reading and Maths tests</li> <li>• Neale Analysis of Reading</li> </ul> Breathnaigh, chomh maith, ar scileanna teanga agus cumarsáide, agus ar scileanna mórluaile agus mínluaile an dalta.



EOLAS GINEARÁLTA	SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)	TRÁCHTAIREACHTAÍ
Faire amach don stíl foghlama/cur chuige don fhoghlaim		Déan na nithe seo a leanas a mheas. <ul style="list-style-type: none"> <li>• An bealach is fearr a fhoghlaimíonn an dalta – éisteacht, leis an tsúil nó nithe a dhéanamh.</li> <li>• An bealach a thugann siad aghaidh ar an tasc (le muinín, go faiteach, go drogallach).</li> <li>• An t-eagar a bhíonn ar an mbealach a phleanálann siad a gcuid oibre agus a dhíríonn siad uirthi?</li> <li>• Cén chaoi a dtugann siad faoi thasc?</li> <li>• Cén t-aiseolas a bhíonn uathu?</li> <li>• Arbh fhearr leo an obair a dhéanamh i gceart nó í a dhéanamh go scafánta?</li> <li>• An dtugann siad aird ar mhionsonraí?</li> </ul>
Faire déanta ar iompraíocht		Bí ag faire ar iompraíocht an dalta i raon imeachtaí (sa rang, i ngrúpa beag, le linn obair bheirte, sa chlós, sna pasáistí). Breac síos gach a bhfeiceann tú nó a gcloiseann tú (mar shampla dianmhachnamh, scileanna sóisialta).
An dalta curtha faoi agallamh		Fiafraigh den dalta, ag brath ar an gcineál riachtanas atá ag gabháil don dalta agus ar a aois/a haois, faoi na nithe, a mheasann seisean nó sise, a bhfuil sé/sí go maith acu agus na nithe nach bhfuil sé/sí go maith acu ar scoil, faoi na nithe a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo, faoi na daoine ar maith leo a bheith ag spraoi nó ag obair leo. Fiafraigh den dalta, má bhíonn deacracht iompraíochta ag an dalta, an bhfuil a fhios acu féin céard is cúis leis an inní a bhíonn orthu nó céard a tharraingíonn trioblóid orthu. Faigh amach cén chaoi a n-airíonn an dalta sna cásanna seo agus cibé an dteastaíonn uaidh/uaithe a iompraíocht/a hiompraíocht a athrú. Seiceáil an bhfuil aon smaointe aige/aici chun leigheas a fháil ar an scéal (léigh an seicliosta do mo chuid smaointe faoin scoil).
Idirdhealú déanta ar obair ranga		Seiceáil: an bhfuil cumas an dalta agus a leibhéal gnóthachtála ag teacht leis na tascanna a leagtar amach dó/di; an féidir leis an dalta na tascanna a bhaint amach; an bhfuil éagsúlacht sa mhodheolaíocht ábhair agus sna hacmhainní agus an dtugann siad lena stíl foghlama.
Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint		Déan timpeallacht an tseomra ranga, gnéithe sóisialta, caidreamh, múineadh agus foghlaim (Léigh an seicliosta don timpeallacht foghlama) a mheas.
Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint		Déan an áit súgartha, na pasáistí, an halla corpoideachais, an halla tionóil agus saincheisteanna uile-scoile a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar fhoghlaim nó ar iompraíocht a mheas.
Comhairliúchán neamhfhoirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha		Lorg comhairle ghairmiúil ábhartha ar bith nó eolas ar bith uathu seo a leanas, mar shampla: Múinteoir ar Cuairt: Síceolaí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga.
<b>GNÍOMH RIACHTANACH</b>		Is féidir gníomhartha a aontú leis na tuismitheoirí nuair a bheidh an t-eolas seo bailithe agus soiléiriú faighte ar riachtanais an dalta. Is cóir gur gníomhartha sonracha a bheadh iontu agus go mbeadh an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí araon ábalta iad a láimhseáil. Is cóir go socrófaí ar líon beag gníomhartha (ní cóir dul thar cheithre cinn). (Tá samplaí den chaoi inar féidir na gníomhartha seo a thaifeadh i dteimpléad an phlean 'Tacaíochta Ranga').
<b>GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS BAILL ÁBHARTHA FOIRNE</b>		Is cóir torthaí na ngníomhartha seo a roinnt le tuismitheoirí agus le baill ábhartha foirne tar éis tréimhse shocrúcháin idirghabhála a bheith caite. (Tá sampla den chaoi inar féidir an t-athbhreithniú seo a thaifeadh sa 'Phlean Tacaíochta Ranga') D'fhéadfadh go mbeadh uait an príomhoide a chur ar an eolas ag an bpointe seo faoi riachtanais an linbh agus an dul chun cinn atá á dhéanamh.

# Plean Tacaíochta Ranga

AINM	DÁTA BREITHE	RANG	DÁTA
IS IAD SEO A LEANAS AN IMNÍ ATÁ ORAINN:		ATHBHREITHNIÚ – DÁTA & TRÁCHTAIREACHTAÍ	
CEAPAIMID GO BHFUIL SÉ AG TARLÚ MAR GHEALL:			
TÁ ROINNT STRAITÉISÍ A D'FHÉADFADH OIBRIÚ ANSEO			
BEIDH A FHIOS AGAINN GO BHFUIL FEABHAS TAGTHA AR RUDAÍ...			
DÉANFAIMID ATHBHREITHNIÚ (dáta, am agus an duine a ghlaofaidh an cruinniú)			

Sínithe ag: Múinteoir \_\_\_\_\_ Tuismitheoirí \_\_\_\_\_

DÁTA AN CHÉAD ATHBHREITHNITHE	láthair

DÁTA AN DARA HATHBHREITHNIÚ



# School Support Checklist

AINM

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

EOLAS GINEARÁLTA	Seiceáilte (TÁ/NÍL)	TRÁCHTAIREACHTAÍ
Teagmháil déanta le Tuismitheoirí		
Eolas faighte ó scoil roimhe seo/naónra		
Éisteacht		
Amharc		
Scileanna Luaile		
Riachtanais Leighis		
Seicliosta na mBunriachtanas' líonta isteach		
Measúnú déanta ar an bhfoghlaim–scagadh, tástáil déanta ar na gnóthachtálacha, más cuí		
Faire amach don stíl foghlama/cur chuige don fhoghlaim		
Faire déanta ar iompraíocht		
An dalta curtha faoi agallamh		
Idirdhealú déanta ar obair ranga		
Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint		
Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint		
Comhairliúchán neamhfhoirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha		
Múinteoir/múinteoirí tacaíochta páirteach go díreach		
Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil		
Gníomh Riachtanach		

Is féidir eolas breise, samplaí oibre agus tuairiscí a chur le seo, má tá fail orthu.

## Treoirínte don Seicliosta Tacaíochta Scoile

AINM	DÁTA BREITHE	RANG	DÁTA
EOLAS GINEARÁLTA	SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)	TRÁCHTAIREACHTAÍ	
Teagmháil déanta le Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus iad rannpháirteach		<p>Tá sé tábhachtach go leanfaí leis na cruinnithe le tuismitheoirí/caomhnóirí chun iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí chun cur leis an eolas a bailíodh ag an leibhéal tacaíochta ranga. Is féidir níos mó eolais faoi na nithe seo a leanas a bhailiú ó thuismitheoirí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sláinte agus forbairt a linbh</li> <li>• Pointí láidre agus ábhar suime a linbh;</li> <li>• A ndearcadh faoi gach a fhoghlaimíonn a leanbh sa bhaile agus ar scoil (ón athbhreithniú tacaíochta ranga)</li> <li>• Gnéithe atá ann faoi láthair nó gnéithe breise a mheasann siad a d'fhéadfadh a bheith ag cur le deacracht ar bith agus a ndearcadh faoi bhearta breise a mheasann siad a chabhródh.</li> </ul> <p>Seiceáil arís an raibh teagmháil ar bith acu le gníomhaireacht sheachtrach ar bith ón gcruinniú deireanach a bhí eadraibh.</p>	
Éisteacht		Má tugadh fadhb éisteachta faoi deara ag an leibhéal tacaíochta ranga, seiceáil ar tháinig leigheas ar an scéal ó shin.	
Amharc		Má tugadh faoi deara go raibh fadhb le hamharc an dalta ag an leibhéal tacaíochta ranga, seiceáil ar tháinig leigheas ar an scéal ó shin.	
Scileanna Luaile		Má tugadh faoi deara go raibh fadhb ag an dalta le scileanna luaile ag an leibhéal tacaíochta ranga, seiceáil ar tháinig leigheas ar an scéal ó shin.	
Riachtanais Leighis		Seiceáil eolas cothrom le dáta go bhfaighidh tú amach an bhfuil an dalta i mbarr a shláinte/a sláinte. Mura bhfuil, bailigh níos mó eolais	
Measúnú ar fhoghlaim - tástáil déanta ar na gnóhachtálacha, seicliostaí agus tástálacha diagnóiseacha déanta)		<p>Bailigh eolas ó na cineálacha tástálacha seo a leanas chun cur leis an scagadh a rinneadh i dtús báire:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Early Years Easy Screen (EYES)</li> <li>• Teaching Talking checklist; QUEST;</li> <li>• Basic Number Diagnostic Test;</li> <li>• Neale Analysis of Reading (NARA)</li> <li>• Drumcondra Primary Spelling Test; NFER Non Verbal Reasoning Test;</li> <li>• Phonological Assessment Battery (PhAB); Dyslexia Screening Test (DST)</li> </ul>	
Faire amach don stíl foghlaim /cur chuige don fhoghlaim		Cuir leis an eolas a bailíodh sa Seicliosta Tacaíochta Ranga. Fiafraigh díobh céard a chuidíonn leo nithe a fhoghlaim agus faoin mbealach is fearr leo chun nithe a fhoghlaim. Bí ag faire ar an dalta sa rang, nuair a bhíonn sé/sí ag foghlaim ina aonair/ina haonair nó i ngrúpa agus breac síos nótaí ar a stíl foghlaim agus ar an mbealach a thugann siad aghaidh ar thascanna.	
Faire déanta ar an dalta, más cuí		Bí ag faire ar iompraíocht an dalta i raon imeachtaí. Breac síos gach a bhfeiceann tú nó a gcloiseann tú. Glac nóta faoi mhinicíocht na hionmpraíochta (uair sa tseachtain, 3 huair sa lá, 10 n-uair le linn an cheachta). Glac nóta faoi céard is cúis leis an iompraíocht (cén uair, cén áit, cé leis, cén ceacht/tasc). Glac nóta den toradh a bhí ar an iompraíocht (céard a thit amach mar gheall ar an iompraíocht mar shampla cén chaoi ar iompair an múinteoir/an dalta é/í féin? Ar seachnaíodh obair a dhéanamh? Ar chothaigh an toradh an fhadhb? Déan anailís ar na torthaí leis an bhfoireann tacaíochta nó le gairmithe eile. B'fhéidir gur chóir dul i gcomhairle le síceolaí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais atá ainmnithe don scoil maidir leis an seicliosta cuí nó le sceidil chúí bhreathnadóireachta más gá.	
An dalta curtha faoi agallamh			



Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint		Déan timpeallacht an tseomra ranga a mheas an athuair chun cur leis an eolas a bailíodh roimhe seo.
Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint		Déan an áit súgartha, na pasáistí, an halla corpoideachais, an halla tionóil agus saincheisteanna uile-scoile a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar fhoghlaim nó ar iompraíocht a mheas chun cur leis an eolas a bailíodh roimhe seo.(Léigh an seiciosta don timpeallacht foghlama).
Comhairliúchán/comhairle neamhfhoirmiúil nó foirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha		Is cóir go bhfaigheadh an scoil toiliú ó thuismitheoirí an linbh i gcás go mbeifí chun comhairle fhoirmiúil a fháil ó ghairmithe seachtracha. D'fhéadfadh Seirbhísí Leanaí agus Teaghláigh, Síceolaithe, teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Fisiteiripeoirí agus Teiripeoirí Saothair comhairle dhíreach a thairiscint don scoil faoi leanaí a bheadh ag freastal ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil. Is féidir le síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais dul i gcomhairle agus tacú le scoileanna maidir le leanaí a ainmnítear agus leanaí nach n-ainmnítear. Is cóir dátaí teagmhála agus eolas ar bith a gheofaí a bhreacadh síos.
Ionchur díreach tairgthe ag múinteoir tacaíochta nó baill eile foirne		Is cóir do mhúinteoirí riachtanas speisialta tacaíocht/comhairle a thairiscint ag an bpointe seo (moltar an dalta a thógáil amach as rang, nó an tacaíocht/an chomhairle a thabhairt i ngrúpa nó sa rang). Liostáil an duine atá ag tairiscint na tacaíochta seo agus an cineál tacaíochta agus chomh minic is a chuirtear an tacaíocht ar fáil. Déan taifead má bhíonn múinteoir ar bith eile bainteach leis an dalta mar shampla oifigeach teagmhála baile is scoile, comhordaitheoir tuaithe agus araile.
Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil		Liostaigh idirghabhálacha ar bith eile atá curtha i bhfeidhm sa scoil cosúil le club bricfeasta, club obair bhaile, meantóireacht phiaraí, córais dlúthchairdis, teiripe ealaíne, teiripe drámaíochta.
<b>GNÍOMHARTHA AONTAITHE</b>		Is féidir gníomhartha a aontú leis na thuismitheoirí chun réiteach a fháil ar an inní a aithníodh nuair a bheidh an t-eolas seo bailithe. Is cóir gur gníomhartha sonracha a bheadh iontu agus go mbeadh an múinteoir ranga, baill foirne tacaíochta agus/nó an thuismitheoir araon ábalta iad a láimhseáil. Is cóir go socrófaí ar líon beag gníomhartha (ní cóir dul thar cheithre cinn). (Tá samplaí den chaoi inar féidir an t-eolas seo a thaifeadadh i dteimpléad an Phlean Tacaíochta Scoile).
<b>PLEAN TACAÍOCHTA SCOILE AGUS TORTHAÍ ROINNTE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LE BAILL ÁBHARTHA FOIRNE</b>		Is cóir athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhartha seo le thuismitheoirí agus le baill ábhartha foirne tar éis tréimhse shocráite idirghabhála a bheith caite. (Tá sampla den chaoi inar féidir an t-athbhreithniú seo a thaifeadadh i 'dTeimpléad Athbhreithnithe an Phlean Tacaíochta Scoile.) Tá sé tábhachtach ag an bpointe seo go gcuirí an príomhoide ar an eolas faoi riachtanais an linbh agus an dul chun cinn atá á dhéanamh.

## Plean Tacaíochta Scoile

AINM AN DALTA \_\_\_\_\_ RANG \_\_\_\_\_ DÁTA \_\_\_\_\_ AN ATHBHREITHNITHE \_\_\_\_\_ MÚINTEOIR A \_\_\_\_\_  
 TOSAITHE \_\_\_\_\_ DÁTA \_\_\_\_\_ CHOMHORDAÍONN \_\_\_\_\_

Pointí láidre agus ábhar suime an dalta:

An t-ábhar a bheidh le Múineadh
An bealach lena Múineadh (acmhainní, ábhair, Stráitéis)
Cé, Cén áit, Cén uair
Critéir chun go n-éireoidh leis an Dalta
Dáta an Athbhreithnithe agus Tráchtairíochtaí



# Plean Tacaíochta Scoile

AINM AN DALTA

DÁTA TOSAITHE

MÚINTEOIR A  
CHOMFORDAÍONN

RANG

DÁTA AN ATHBHREITHNITHE

**POINTÍ LÁIDRE AGUS ÁBHAR SUIME AN DALTA:**

**AN IMNÍ IS MÓ**

**BA MHAITH LINN GO MBEADH SÍ/SÉ IN ANN (SPRIOCANNA):**

**STRAITÉISÍ A BHEIDH IN ÚSÁID AGAINN:**

**NA BAILL FOIRNE A BHEIDH RANNPHÁIRTEACH AGUS NA HACMHAINNÍ A BHEIDH RIACHTANACH:**

**TOMHAISFIMID DUL CHUN CINN AGUS CÉ MAR A ÉIREOIDH LEIS/LÉI MAR SEO A LEANAS:**

**DÉANFAIMID ATHBHREITHNIÚ (DÁTA, AM AGUS AN DUINE A GHLAOFAIDH AN CRUINNIÚ)**

Sínithe ag: Múinteoir/Múinteoirí \_\_\_\_\_ Tuismitheoirí \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_



## Taifead Athbhreithnithe ar an Tacaíocht Scoile

AINM AN DALTA

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

CÉARD É AN GNÍOMH IS MÓ AR ÉIRIGH LEIS AGUS CÉN FÁTH?

CÉARD É AN GNÍOMH IS LÚ AR ÉIRIGH LEIS AGUS CÉN FÁTH?

CÉARD IAD NA RIACHTANAIS ATÁ AG AN DALTA FAOI LÁTHAIR?

CÉARD IAD NA GNIOMHARTHA A MHOLTAR?

BREAC SÍOS CÉN CHAOI A NDÉANFAR NA GNÍOMHARTHA, CÉN DUINE A DHÉANFAIDH IAD AGUS CÉN UAIR A NDÉANFAR IAD

TRÁCHTAIREACHTAÍ ÓN DALTA/ÓN DUINE ÓG

TRÁCHTAIREACHTAÍ ÓN TUISMITHEOIR/ÓN GCAOMHNÓIR

Sínithe ag: \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_



# Tacaíocht Scoile Móide

## Bileog Phleanála an Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair

AINM

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

<p><b>Dul chun cinn go Dáta/Pointí láidre</b>                  An cineál cumais, scileanna agus buanna atá ag an leanbh agus an leibhéal ar a bhfuil siad sin aige/aici</p>	
<p><b>Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo</b>                  Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an linbh agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/a dul chun cinn.</p>	
<p><b>Feidhmíocht Oideachais an linbh faoi mar atá faoi láthair</b></p>	
<p><b>Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an linbh</b></p>	
<p><b>Soláthar Speisialta Oideachais</b>                  Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don leanbh</p>	
<p><b>Tuilleadh Eolais</b></p>	

# Tacaíocht Scoile Móide

AINM:

| DÁTA BREITHE

| RANG

| DÁTA

## Plean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair

Tosaíochtaí/Spriocanna Fadtéarmacha

Dul chun cinn go Dáta/Pointí láidre

Spriocanna agus Straitéisí

Sínithe ag (Ball Foirne) \_\_\_\_\_

Sínithe ag (Tuismitheoirí) \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta Athbhreithnithe Molta: \_\_\_\_\_



# Tacaíocht Scoile Móide

## Bileog Athbhreithnithe an Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair

AINM	DÁTA BREITHE	RANG	DÁTA
<p><b>Dul chun cinn go Dáta/Pointí láidre</b>                      An cineál cumais, scileanna agus buanna atá ag an leanbh agus an leibhéal ar a bhfuil siad sin aige/aici</p>			
<p><b>Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo</b>                      Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an linbh agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/a dul chun cinn.</p>			
<p><b>Feidhmíocht Oideachais an linbh faoi mar atá faoi láthair</b></p>			
<p><b>Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an linbh</b></p>			
<p><b>Soláthar Speisialta Oideachais</b>                      Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don dalta</p>			
<p><b>Tuilleadh Eolais</b></p>			